

# ☘ An Lúibín ☘

20 Eanáir 2013

## Céatadáin na Gaeilge

Seo torthaí pobalbhreithe de chuid Ipsos MRBI in Éirinn faoi eolas ar an nGaeilge: deir 55% go bhfuil fíorbheagán den teanga acu; tá sí measartha maith ag 16%; tá sí ar a dtoil ag 4%; agus níl Gaeilge ar bith ag 24%.<sup>1</sup> Ní deir ach 4% go dtuigeann siad gach a gcloiseann siad ar an raidió nó an teilifís, cé go dtuigeann 56% cuid de.

Nuair a dhéantar scagadh ar na figiúirí, taispeántar gur mó an meas atá ag an nglúin óg ar a gcumas Gaeilge féin ná mar atá ag daoine níos sine. Deir 27% idir 18 agus 34 bliain d'aois go bhfuil Gaeilge measartha maith nó go han-mhaith acu. Níl an scéal mar sin ach ag 16% idir 35 agus 54 bliain d'aois, agus ag 19% os cionn 55 bliain d'aois. Ní deir ach 27% den phobal gur ceart príomhtheanga na tíre a dhéanamh den Ghaeilge.

Ó thaobh na polaitíochta de, tá difríochtaí suimiúla idir céatadáin na gcainteoirí sna páirtithe difriúla: Sinn Féin – 75%, Páirtí an Lucht Oibre - 76%, Fianna Fáil - 80%, Fine Gael - 86%.

Is féidir comparáid a dhéanamh idir na torthaí úd agus an taighde a rinne Donncha Ó hÉallaithe do Raidió na Gaeltachta ar fhiigiúirí an Daonáirimh i mbliana. Deir 1.77 milliún duine go bhfuil cumas éigin labhartha Gaeilge acu; ach ní deir ach 77,185 duine go labhraíonn siad an teanga gach lá lasmuigh den chóras oideachais. Méadú beag de 5,037 é seo, áfach, ar an dream céanna i nDaonáireamh 2006.

Sin iad na figiúirí náisiúnta, ach thug Ó hÉallaithe aird ar leith ar an nGaeltacht oifigiúil. Rinne sé amach go labhraíonn 24% den dream sin an Ghaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais. Tá na céatadáin sna mórcheantair Ghaeltachta mar a leanas: Cathair na Gaillimhe 4.4%, Contae na Gaillimhe 31.4%, Corcaigh 26.4%, Dún na nGall 29.6%, Ciarraí 29.6%, Maigh Eo 11.1%, An Mhí 18.5% agus Port Láirge 25.9%.

Deir Ó hÉallaithe go bhfuil os cionn 100,000 duine ina gcónaí sa Ghaeltacht anois agus gan ach 23,175 duine díobh ina gcainteoirí laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais. Sin méadú beag de 660 duine, nó 3%, ó Dhaonáireamh 2006, ach is léir ó fhoinsí eile go bhfuil úsáid na teanga ag lagú i measc daoine óga sa Ghaeltacht.

Tá stáidéir acadúla déanta ar na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag Gaeilgeoirí in Éirinn agus torthaí difriúla ar na hargóintí. Tóg, mar shampla, 'Language and Occupational Status: Linguistic Elitism in the Irish Labour Market,' páipéar a scríobh Donal A. Dineen agus Nicola Lynch (Ollscoil Luimnigh) agus an tOllamh Vani Borooah (Ollscoil Uladh) sa bhliain 2010. Deir an páipéar gur scothaicme nua na Gaeilgeoirí i gcúrsaí fostaíochta agus scolaíochta. Tá buntáiste acu i bpostanna gairmiúla, teicniúla agus bainistíochta (dochtúirí, banaltraí, múinteoirí agus eile), fiú mura bhfuil deis acu an teanga a labhairt ann. Sa Phoblacht bhí postanna den sórt sin ag 42% díobh le hais 27% de Bhéarlóirí. Tá na gaelscoileanna níos fearr ná na scoileanna stáit agus beagnach chomh maith leis na scoileanna príobháideacha, agus tá gréasán de Ghaeilgeoirí ann (dar le húdair an pháipéir) a thugann cabhair dá chéile.

A mhalairt d'argóint atá ag Iarfhlaith Watson agus ag Máire Nic Ghiolla Phádraig (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath) in 'Language and Occupational Status: Linguistic Elitism in the Irish Labour Market'.<sup>2</sup> Dar leo gur ag scothghrúpa meánaicmeach atá an buntáiste seachas ag scothaicme Gaeilge ar leith. Ní ag gréasán de Ghaeilgeoirí amháin atá na buntáistí oideachais atá luaite leis an nGaeilge; a mhalairt ar fad, mar baineann siad, tríd is tríd, le páistí nach bhfuil Gaeilge ag a dtuismitheoirí.

<sup>1</sup> 'Most people say they can speak some Irish,' *The Irish Times*, 28 Samhain 2012

<sup>2</sup> *The Economic and Social Review*, Vol. 42, No. 4, Winter, 2011, lgh 437-454

Deir na húdair nach mbeadh Ghaeilge mhaith ach ag timpeall an tríú cuid (14%) den 42% den daonra a deir gur Gaeilgeoirí iad sa daonáireamh. Bheadh an dá thrian eile báíúil, áfach, leis an teanga. Fágann sin nach mbeadh níos mó de 16% den daonra ina nGaeilgeoirí, agus ní féidir a rá gur pobal iontu féin iad toisc gur beag duine acu a bhfuil faill aige leis an teanga a labhairt gach lá. Áitítear (mar a deirtear thuas) gur daoine iad a bhfuil Gaeilge acu toisc gur de bhunadh ‘meánaicmeach’ (sa chiall is leithne) iad.

Thairis sin de, ní hé go bhfuil aon ghréasán mór de Ghaeilgeoirí ann: níl iontu ach scata daoine difriúla a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu. Má tá ‘gréasán’ de Ghaeilgeoirí ann ar chor ar bith, ní féidir a rá go bhfuil tairbhe ar leith ag roinnt leis seachas mar a bheadh ag roinnt le haon ghréasán eile.

Daoine a bhfuil post maith acu is daoine iad ar éirigh go maith leo i gcúrsaí léinn. Má tá Gaeilge mhaith acu (mar atá ag cuid éigin acu) tharla sin de bharr an ratha a bhí orthu sna croí-ábhair ar scoil - Gaeilge, matamaitic agus Béarla. Ar éigean a fhreastlaíonn 5% de dhaltáí ar ghaelscoileanna, agus is cosúil, mar sin, gurb iad na scoileanna lán-Bhéarla bunús na Gaeilge a sheachadtar ó ghlúin go glúin.

The intergenerational transmission of the Irish language is reliant on the teaching of Irish in English-language schools, probably even more than on *Gaelscoileanna* or on Irish-speaking families. The education system is probably the most crucial prop on which the survival of the Irish language relies. Those who do well at school are more likely, than those who do not, to achieve at least a basic level of proficiency in Irish. This means that rather than Irish speakers having an educational advantage, those with an educational advantage are more likely to become Irish speakers.

Is dócha go bhfuil cuid den cheart ag an dá thaobh. Buntáiste meánaicmeach is ea an Ghaeilge in Éirinn, tríd is tríd – buntáiste a bhaineann le mionlach; ach aithníonn ciaróg ciaróg eile, agus bheadh comhthuiscint ag Gaeilgeoirí (nach de bhunadh meánaicmeach iad go léir) ar thábhacht na teanga mar chuid den dúchais.

Dealraíonn sé go feabhas éigin tagtha ar an seandearcadh a bhí ag Béarlóirí i leith na teanga – dearcadh a thug Andrew Carnie tuairisc air os cionn cuig bliana déag ó shin in ‘Modern Irish: A Case Study in Language Revival Failure’ (1995):

Until the 1970s, in order to get a higher-learning certificate in Ireland, students had to pass an exam in Irish. This, coupled with exceedingly bad pedagogical methods in the teaching of Irish, has resulted in widespread resentment of the language among people who were forced to take it in school. In my own experience, practically every non-native speaker I talked to, upon discovering that I was studying the language, would tell me about their experience with it in school and how much they hated the language because of it.<sup>3</sup>

Más fearr an dearcadh atá ag daoine anois, is dócha gur beag feabhas a tháinig ar mhúineadh na teanga sna scoileanna stáit, nó ní bheadh gá leis an gcúrsa ullmhúcháin Ardeistiméireachta a bhíonn ar siúl ag Conradh na Gaeilge:

Forty per cent of the Irish Leaving Cert exam is allotted to the oral examination. Conradh na Gaeilge will give you the tools to gain confidence (!) with the Irish language.

Cabhair Dé chugainn.



## Lá faoin tuath

<sup>3</sup> ‘Modern Irish: A Case Study in Language Revival Failure,’ Andrew Carnie, University of Calgary and University of California, Santa Cruz, MIT Working Papers in Linguistics - Papers on Endangered Languages, 1995

Thug *An Lúibín* cuairt ar Dhaonscoil Victoria ar 8 Eanáir, amuigh faoin tuath ag Myrníong, idir Melbourne agus Ballarat. Lá a bhí go haoibhinn i ndiaidh tonn teasa, an fhóraois inár dtimpeall, linnte inár n-aice, agus foirgnimh nua-aimseartha de chuid an YMCA os ár gcomhair amach. Timpeall seasca duine a bhí ann agus fonn orthu Gaeilge a fhoghlaim nó pé Gaeilge a bhí acu cheana a chleachtadh. Beagán ann a rugadh in Éirinn agus a lán Astrálach ina dteannta (cuid acu ó Sydney).

Bhí caint á tabhairt gach tráthnóna, agus Dé Máirt chualathas ‘Scríbhneoireacht nua Ghaeilge san Astráil: dánta ó Melbourne’. Léigh Colin Ryan, údar áitiúil, cuid de na dánta a d’fhoilsigh sé ar na hirisí Gaeilge; ansin cuireadh ceisteanna air i mBéarla agus i nGaeilge. Fiafraíodh de an i nGaeilge amháin a scríobhadh sé filíocht; dúirt sé go raibh meas aige riamh ar an bhfilíocht mar an urlabhra is déine guth; chuir sé roimhe dánta a scríobh i nGaeilge dá bharr agus agus chun a thaispeáint dó féin go raibh máisteacht aige ar an teanga; rinne an taithí rud nádúrtha de. Cuireadh ceist air faoi dhorchadas a chuid dánta; ba é a fhreagra gur chuid dílis dá phearsantacht é sa mhéid go raibh suim aige riamh ó nádúr i ndiamhair dhorcha na beatha. Fiafraíodh de freisin (tar éis dó tagairt a dhéanamh do Dháithí Ó Bruadair, file mór an 17ú haois) an raibh rian an fhile sin ar a shaothar féin; dúirt sé go mbeadh cuid den tionchar sin le haithint air, gan amhras, agus dúil aige i gcaolchúis agus i bhfriotail na filíochta clasaicí.

B’fhurasta fuinneamh agus dúthracht lucht na Daonscoile a aithint, agus b’fhurasta an toradh a fheiceáil. Beidh an díograis chéanna le thabhairt faoi deara, gan amhras, ag Scoil Geimhridh Sydney, ócáid a bheidh ar siúl 7-10 Meitheamh 2012.

Breis eolais ó Éilis: [elilis@internode.on.net](mailto:elilis@internode.on.net).

### Coilínigh

Fágadh screamh  
an tsalainn ar ár mbéal

na focail a fáisceadh as portach  
as glaise dhubhfhoclach an tsléibhe  
ag triomú anois faoi spalpadh gréine

fiacra nathrach romhainn  
is gairm an éin anaithnid  
an píobaire fraoigh ag canadh  
ag iarraidh athbhaiste

is uabhar Uí Bhruadair  
ag síothlú uainn ar scríbhinn  
nach léifeadh sliocht ár sleachta CR



### Sri Lanka agus an cogadh bunreachtúil

Crainn phailme, tránna geala, sléibhte agus teampaill ársa; fáilte chroíúil ghealgháireach. Sri Lanka. Tá an cogadh idir an LTTE<sup>4</sup> agus an rialtas thart ach tá cogadh nua tosaithe: comhrac idir an tUachtarán Mahinda Rajapaksa agus na cúirteanna. Is garr ó cáineadh rialtas Sri Lanka as mí-úsaid cumhachta, ní hamháin i gcás na dTamalach (a bhfuil eagla orthu fós roimh na fórsaí slándála tar éis threascairt an LTTE) ach i gcás na Siolónach (dream a mbaineann Rajapaksa féin leo) chomh maith. (Tá Rajapaksa ina bhall de Pháirtí Saoirse Sri Lanka - *Sri Lanka Nidahas Pakshaya*; is fearr an aithne atá air faoina acrainm Béarla: SLFP.)

<sup>4</sup> LTTE: *Liberation Tigers of Tamil Eelam*, gluaiseacht mhíleata a d’éirigh amach i gcoinne rialtas Sri Lanka chun limistéar neamhspleách a chur ar bun in oirthuaisceart an oileán. Bhí na Tamalaigh tuirseach den leatrom a bhí á dhéanamh orthu i gcúrsaí oibre, teanga agus cultúir; shíl an LTTE nach raibh de leigheas air ach an lámh láidir, agus throid an dá thaobh le chéile gan trócaire. Buadh ar an LTTE sa bhliain 2009 gan cúiseanna gearáin na dTamalach a réiteach.

Ní mór an cion atá ag an rialtas ar lucht cáinte sa bhaile – agus tá siad ann, leithéid Tisarane Gunasekara, iriseoir neamhspleách conspóideach.<sup>5</sup> Áitíonn sí go bhfuil muintir Rajapaksa ag iarraidh an tír go léir a chur faoi smacht agus ríshliocht a chur ar bun.

Is fada an tUachtarán agus a lucht leanúna á fhógairt gurb eisean thar aon duine eile a rinne an LTTE a shárú, gaisce a thabhdh clú dó ach é a bheith fíor, ach nach leor ann féin chun fadhbanna eile a fuascailt: míriar, sárú ar chearta daonna agus drochstaid an gheilleagair. Is léir ó óráid a thug Rajapaksa i láthair na Náisiún Aontaithe i Siolónais agus i dTamalais gur mian leis go nglacadh an dá phobal leis mar cheannaire, ach ní fios an ndéanfaidh an rialtas beart de réir a bhriathair. Agus tá cáinteoirí i mbaol i measc na Siolónach féin: tá breis is dhá scór iriseoirí agus eile fuadaithe ó dheireadh an chogaidh agus gan aon fiosrú fiúntach déanta ar an scéal.

Sa bhliain 2010 ritheadh an 18ú leasú ar an mBunreacht. Anois tá cead ag an Uachtarán a oiread téarmaí a chur isteach agus is mian leis (roimhe seo níor fhéidir leis ach dhá théarma sé bliana a chur isteach). Ní féidir leis an gCoimisiún Toghchánaíochta cosc a chur ar acmhainní stáit a úsáid i dtoghchán. Cealaíodh an 17ú leasú, reachtaíocht a chuir srian le cumhacht an Uachtaráin maidir le ceapacháin thábhachtacha.

Deir Gunasekara nach bhfuil ann anois ach trí rogha: taobhú le muintir Rajapaksa as dílseacht, eagla nó saint; dul i muinín na neamhshuime; do dhícheall a dhéanamh, de réir dlí agus daonlathais, an limistéar deireanach atá saor ó smál an ‘Rajapaksachais’ a chaomhnú. I ndaonlathas láidir bheadh súil agat le corrchoimhlint idir rialtas agus breithiúna; a mhalaire de scéal atá i gceist anseo – comhrac idir daonlathas lag agus aintiarnas.

Tugann scéal an Ard-Ghiúistís Shirani Bandaranayake léargas ar an aighneas seo. Rinne an rialtas iarracht ar Rann nua Forbartha a chur ar bun faoi cheannas dheartháir an Uachtaráin, in éineacht le forais eile: bheadh tarraingt aige siúd ar acmhainní móra stáit dá bharr. D’fhógair an Chúirt Uachtarach nach raibh an bille ag cur leis an mBunreacht, agus is léir gur chuir an bhreith seo fearg ar an rialtas: rinneadh an tArd-Ghiúistís a tháinseamh agus an rialtas á rá go raibh sí ciontach as loiceadh leas airgid a nochtadh, mí-úsáid cumhachta agus neamhaird ar an mBunreacht. Shéan an tArd-Ghiúistís an méid sin go léir; cuireadh roghchoiste ar bun a raibh seachtar Feisirí rialtais air agus ceathrar Feisirí freasúra, agus dhearbhaigh sé go raibh sí ciontach; ach dúirt an Chúirt Uachtarach an mhí seo nach bhfuil roghchoiste in ann líomhaintí in aghaidh an Ard-Ghiúistís a fhiosrú. Mar sin féin, tá an rialtas tar éis an tArd-Ghiúistís a bhriseadh. Cás é seo atá ag tarraingt aighnis i Sri Lanka féin agus mórán á rá gur léirigh an cás claontuairim pholaitiúil an rialtais agus gurb áil leo siúd neamhspleáchas na mbreithiúna a chealú.

De ghnáth, a deir Gunasekara, tagann forlámhaidhe i réim agus iad óg a ndóthain fós chun a chur ina luí ar an bpobal gur cheart don mhac a bheith ina chomharba ag a athair. Ach bhí Mahinda Rajapaksa ag dul anonn sa saol nuair a rinneadh Uachtarán de; tá a chlann mhac ró-óg agus níl a dheartháireacha ina mbaill shinseartha den pháirtí. Dá gcaillfí Rajapaksa sula raibh scéal na comharbachta socraithe, b’fhéidir go n-éireodh an páirtí amach in aghaidh a mhuintire. Caithfear na hinstiúidí stáit is tábhachtaí a chur faoi smacht, mar sin, chun go gcuideoidís leis a rogha comharba a chur i gcumhacht. Tá tábhacht ar leith, mar sin, leis an táinseamh.

Mar a deir mo dhuine, níor thug Vellupillai Pirapaharan, ceannaire tolgach an LTTE, an dara rogha do na Tamalaigh. Tá Rajapaksa níos ‘bunreachtúla’ ach is é an scéal céanna aige é, más fíor – é chun cumhacht a ghabháil, a choinneáil agus a bhuanú.

*Féach:*

\* <http://mondediplo.com/blogs/sri-lanka-and-the-18th-amendment>

\* ‘Sri Lanka and the 18th Amendment,’ Padraig Colman, *Le Monde diplomatique* (eagrán Béarla), Samhain 2010

\* <http://www.bbc.co.uk/news/world-asia-20904895>: Court rejects Sri Lanka judge Shirani Bandaranayake inquiry



<sup>5</sup> ‘It’s not Mahinda vs. Shirani; It’s the Rajapaksas vs. the Rest,’ Tisarane Gunasekara, *Sri Lankan Guardian*, 17 Samhain 1912. Maidir le conspóid, féach <http://www.colombotelegraph.com/index.php/sunday-leader-censored-tisarane-gunasekaras-column/>.

## Babhta teasa i ndeisceart an domhain

Laethanta loiscneacha; an ghaoth ag géarú; an deatach ag déanamh oíche den lá agus lasracha amháin le feiceáil tríd an dorchadas; torann a bhodhródh thú. Sin í an tine foraoise san Astráil – samhail den samhradh agus í le feiceáil ar an teilifís, mura bhfuil tú ar dhuine den bheagán a chonaic a leithéid i ndáiríre. Mar shamhail tá sí suntasach go leor inti féin. Mar shamhail den athrú aeráide tá ciall níos leithne le baint aisti, go háirithe i mbliana. An tréimhse is mó riamh de laethanta os cionn 40 céim agus meall mór teasa ina shuí ar lár na tíre. Is méanar don té atá ina chónaí in oirdheisceart na tíre, ós ann is lú an teas an chuid is mó den am; ach ansin féin tiocfaidh an loscadh sa mhullach ort, agus d'fhág na tinte a rian ar an Tasmáin go háirithe i mbliana.

Is beag sólas atá le baint as tuairiscí Bhúró Meitéareolaíochta na hAstráile (<http://www.bom.gov.au/climate/>). Tá méadú 0.9 °C tagtha ar an meánteocht ón mbliain 1910; sa tréimhse chéanna tháinig méadú 0.8 °C ar theocht uachtar na farraige, agus tá ardú tagtha ar leibhéal na farraige; is dócha go mbeidh ardú idir 1.0 °C agus 5.0 °C ar an meánteocht faoin mbliain 2070.

Déarfá gur beag duine atá dall ar an drochscéal anois. Féach an tuarascáil speisialta a rinne an Painéal Idir-Rialtais um Athrú Aeráide ([http://www.ipcc.ch/publications\\_and\\_data/publications\\_and\\_data\\_reports.shtml#2](http://www.ipcc.ch/publications_and_data/publications_and_data_reports.shtml#2)) agus tuairisc inti ar an gceangal idir an t-athrú sin agus teagmais fhoircneacha san Astráil féin.

Beidh méadú ar an méid leathanta teo agus laghdú ar an méid leathanta fuara. Is cosúil gur minice a thiocfaidh tonnta teasa agus gur faide feasta iad ná mar a bhí riamh; ach, mar sin féin, beidh lascadh báistí ann i gceantair áirithe agus tuille ina theannta. Is dócha go mbeidh méadú os cionn 15% ar an méid leathanta is contúirtí ó thaobh tine de; sa gheimhreadh a dhéanfar dóiteán coisctheach feasta. Ní fios an méadú nó laghdú a thiocfaidh ar an méid anfaí ach is dócha go mbeidh siad níos láidre, agus b'fhéidir go dtiocfaidís níos faide aduaidh. Leanfaidh ar an bhfarraige ag éirí, agus tarraingeoidh sin rudaí eile – creimeadh, stoirmeacha agus bá. Fágfaidh sé seo go léir a rian ar ghnóthaí turasoireachta, feirmeoireachta, foraoiseachta, uisce agus sláinte.

Deir eolaithe éigin go gcuirfidh an scéal seo deireadh leis an tsibhialtacht. Más fíor bréag an fháistine chéanna, tá rudaí le déanamh idir an dá linn. Caillfear mórán, ar ndóigh: an Mhórsceir Bhacainneach agus an mhaoin turasoireachta a ghabhann léi; an bia a thagann as an Abhantrach Murray-Darling (limistéar mór uiscithe); cuid mhaith den uisce atá ar fáil ag lucht na gcathracha (formhór an phobail). Caithfidh barraí nua a tharraingt orainn agus modhanna nua saothraithe; caithfidh a bheith inár sáreolaithe ar conas uisce a chur i dtaisce; caithfidh tithe tinedhíonacha a thógáil, go háirithe sna fobhailte imeallacha. Ansin feicimid.



Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

## Leaganacha simplithe

### Céatadáin na Gaeilge

Seo torthaí pobalbhreithe<sup>6</sup> in Éirinn faoi eolas ar an nGaeilge: deir 55% go bhfuil fíorbheagán den teanga acu; tá sí measartha maith ag 16%; tá sí ar a dtoil ag 4%; agus níl Gaeilge ar bith ag 24%. Ní deir ach 27% gur ceart príomhtheanga na tíre a dhéanamh den Ghaeilge.

Nuair a dhéantar scagadh<sup>7</sup> ar na figiúirí, taispeántar gur mó an meas atá ag an nglúin óg ar a gcumas Gaeilge féin ná mar atá ag daoine níos sine.

Ina theannta sin,<sup>8</sup> rinne Donncha Ó hÉallaithe, saineolaí, taighde do Raidió na Gaeltachta ar fhiigiúirí an Daonáirimh. Thug sé aird ar leith<sup>9</sup> ar an nGaeltacht oifigiúil. Deir Ó hÉallaithe go bhfuil os cionn 100,000 duine sa Ghaeltacht anois ach nach bhfuil ach 23,175 duine acu ina gcainteoirí laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais. Is léir ó fhoinsí eile go bhfuil úsáid na teanga ag lagú sa Ghaeltacht i measc daoine óga.

Tá staidéar acadúil déanta ar na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith<sup>10</sup> ag Gaeilgeoirí in Éirinn. Deir staidéar amháin gur scothaicme<sup>11</sup> nua iad na Gaeilgeoirí i gcúrsaí fostaíochta agus scolaíochta. Sa Phoblacht bhí postanna den sórt sin ag 42% de Ghaeilgeoirí, le hais<sup>12</sup> 27% de Bhéarlóirí. Tá na gaelscoileanna níos fearr ná na scoileanna stáit agus beagnach chomh maith leis na scoileanna príobháideacha, agus deir an staidéar go bhfuil gréasán de Ghaeilgeoirí<sup>13</sup> ann a thugann cabhair dá chéile.

A mhalairt d'argóint<sup>14</sup> atá ag staidéar eile. Deir sé sin gur ag grúpa meánaicmeach atá an buntáiste seachas ag scothaicme Gaeilge ar leith. Ní ag gréasán de Ghaeilgeoirí amháin atá buntáistí oideachais; baineann siad, tríd is tríd, le páistí meánaicmeacha nach bhfuil aon Ghaeilge ag a dtuismitheoirí. Ní bheadh níos mó ná 16% den daonra ina nGaeilgeoirí, agus tá Gaeilge ag a bhformhór<sup>15</sup> toisc gur daoine meánaicmeacha iad a d'fhoghlaim an teanga ar scoil. Agus níl gréasán mór de Ghaeilgeoirí ann: níl iontu ach scata daoine difriúla a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu.

Deir an staidéar úd gur i gcuid de na scoileanna lán-Bhéarla is mó a chothaítear an Ghaeilge, ó tá roinnt daltaí ann a n-éiríonn go han-mhaith leo sna croí-ábhair<sup>16</sup> - Gaeilge, matamaitic agus Béarla. Ní fhreastlaíonn ach 5% de dhaltáí ar na gaelscoileanna.

Is dócha go bhfuil cuid den cheart ag an dá argóint. Buntáiste meánaicmeach is ea an Ghaeilge in Éirinn, tríd is tríd; ach aithníonn Gaeilgeoirí a chéile agus tá siad in ann cabhair a thabhairt dá chéile.

### Sri Lanka agus an cogadh bunreachtúil

I Sri Lanka tá an cogadh sibhialta thart ach tá cogadh nua tosaithe: comhrac idir an tUachtarán Mahinda Rajapaksa agus na cúirteanna. Tá daoine ann (go háirithe lucht cosanta cearta daonna) atá ag cáineadh an rialtais, agus ní maith leis an rialtas é. Fuadaíodh mórán iriseoirí dá bharr. Deir iriseoir amháin, Tisarane Gunasekara, go bhfuil muintir Rajapaksa ag iarraidh an tír go léir a chur faoi smacht.

<sup>6</sup> Torthaí pobalbhreithe – results of an opinion poll

<sup>7</sup> Scagadh - sifting

<sup>8</sup> Ina theannta sin – along with that

<sup>9</sup> Aird ar leith – special attention

<sup>10</sup> Na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith – the advantages that might pertain

<sup>11</sup> Scothaicme – elite

<sup>12</sup> Le hais – compared to

<sup>13</sup> Gréasán de Ghaeilgeoirí – a network of Gaeilgeoirí

<sup>14</sup> A mhalairt d'argóint – a quite different argument

<sup>15</sup> A bhformhór – a majority of them

<sup>16</sup> Croí-ábhair – core subjects

Ba mhaith le Rajapaksa go nglacfadh dhá phobal na tíre (Sionólaigh agus Tamalaigh) leis mar cheannaire. Ach tá fadhbanna eile a fuascailt: míriar,<sup>17</sup> sárú ar chearta daonna agus drochstaíd an gheilleagair.

Tá cead ag an Uachtarán a oiread téarmaí a chur isteach<sup>18</sup> agus is mian leis, de bharr leasú<sup>19</sup> a rinneadh ar an mBunreacht. Is féidir leis ceapacháin<sup>20</sup> thábhachtacha a dhéanamh anois gan srian agus acmhainní stáit a úsáid i dtoghcháin.

Rinne an rialtas iarracht ar Rann Forbartha a chur ar bun faoi cheannas dheartháir an Uachtaráin. Bheadh tarraingt<sup>21</sup> aige siúd ar acmhainní móra stáit dá bharr. Dúirt an Chúirt Uachtarach<sup>22</sup> nach raibh an bille ag cur leis an mBunreacht,<sup>23</sup> agus chuir an bhreith seo an oiread sin feirge ar an rialtas go ndearnadh an tArd-Ghiúistís a tháinseamh.<sup>24</sup> Chuir an Chúirt Uachtarach cosc air seo, ach tá an rialtas tar éis an tArd-Ghiúistís a bhriseadh. Cás é seo atá ag tarraingt aighnis<sup>25</sup> i Sri Lanka féin. Tá mórán daoine á rá go bhfuil an rialtas ag iarraidh neamhspleáchas na mbreithiúna<sup>26</sup> a chealú.

Deir Gunasekara gur gnách le forlámhaithe<sup>27</sup> ríshliocht<sup>28</sup> a bhunú nuair atá siad measartha óg. Ach tá Mahinda Rajapaksa meánaosta, tá a chlann ró-óg agus níl a dheartháireacha ina bpolaiteoirí sinseartha. Caithfidh sé na hinstitiúidí stáit is tábhachtaí a chur faoi smacht chun a rogha comharba<sup>29</sup> a chur i gcumhacht.

---

<sup>17</sup> Míriar - mismanagement

<sup>18</sup> Téarmaí a chur isteach – serve terms

<sup>19</sup> Leasú - amendment

<sup>20</sup> Ceapacháin – appointments

<sup>21</sup> Tarraingt – access (ar – to)

<sup>22</sup> An Chúirt Uachtarach – the Supreme Court

<sup>23</sup> Ag cur leis an mBunreacht – in accord with the Constitution

<sup>24</sup> Táinseamh - impeachment

<sup>25</sup> Ag tarraingt aighnis – causing unrest

<sup>26</sup> Breithiúna: plural of breitheamh - judge

<sup>27</sup> Forlámhaithe - despots

<sup>28</sup> Ríshliocht - dynasty

<sup>29</sup> A rogha comharba – his chosen successor